Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Aibreáin '10.

Deontais Tithíochta Comhairle Chontae Chorcaí.

Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas.
Tá an deontas seo ar fáil chun cabhrú le hoibreacha atá réasúnta riachtanach chun tigh a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas atá le máchail fhisiceach sheasmhach, céadfach, sláinte mheabhrach nó intleachta.

Caithfidh tuairisc ó Theiripeoir ceirde le Stádas Tosaíochta sannta dó de réir Scéim Tosaíochta Chomhairle Chontae Chorcaí a bheith i dteannta gach iarratas.

Socrófaí leibhéal an deontais a bheidh ar fáil ar bhonn ollioncam bliantúil teaghlaigh agus é idir 30% agus 95% de chostas ceadaithe dos na hoibreacha (gan CBL). Sé an t-uasmhéid ná €30,000 (gan CBL) nó €14,500 (gan CBL) do thithe a tógadh le níos lú ná 12 mhí.

Scéim Deontas um Oiriúnú Tithe le hÁiseanna Soghluaisteachta.
Tá an deontas ar fáil a chlúdaíonn oibreacha ag tabhairt aghaidh ar na fadhbanna a bhaineann le soghluaisteacht go háirithe, ní le haosú amháin a bhaineann sé.

Sé uasmhéid an deontais ná €6,000 (gan CBL) nó 100% de chostas na n-oibreacha (gan CBL) pé cheann is lú. Tá an deontas ar fáil do theaghlaigh ina bhfuil an t-ollioncam bliantúil €30,000 nó níos lú.

Deontas Tithíochta do Dhaoine atá ag dul in aois.
Tá an deontas seo ar fáil chun cabhrú le daoine atá ag dul in aois agus atá ina gcónaí i dtithe ina bhfuil gá le deisiúcháin agus feabhsúcháin. Siad na cineálacha oibreacha atá ceadaithe leis an scéim ná deisiúcháin struchtúrach nó díonta agus simléir a fheabhsú, fuinneoga agus doirse a dheisiú agus a hathrú, teas, seirbhísí uisce agus sláintíochta a sholáthar.

Socrófaí leibhéal an deontais ar bhonn ollioncam teaghlaigh agus caithfidh sé bheith idir 30% - 100% den chostas ceadaithe dos na hoibreacha. Sé uasmhéid an deontais ná €10,500.

Faoi láthair níl an deontas seo á mhaoiniú ach amháin do dhaoine measta tosaíochta (daoine ag fágáil ospidéal /cúram institiúid). Táthar ag glacadh le hiarratais áfach agus má thagann athrú ar imthosca sa todhchaí déanfaidh Comhairle Chontae Chorcaí athscrúdú ar gach iarratas.

Ginearálta.
Cuirfidh Comhairle Chontae Chorcaí na hiarratais go léir in ord tosaíochta agus socróidh leibhéal an chiste na deontais a thabharfar amach. Go ginearálta, beidh úsáid acmhainní níos feidhmiúla leis na scéimeanna in ord tosaíochta agus beidh sé dírithe ar na daoine leis an riachtanas is mó agus ag an am chéanna ag déileáil leis an riaráiste iarratais atá ann faoi láthair.

Tabhair faoi ndeara led thoil dos na deontais go léir má bhíonn an obair tosnaithe nó má bhíonn sé críochnaithe gan deontas ceadaithe ríomh ré , de réir coinníollacha an scéim, níl Comhairle Chontae Chorcaí chun díol as na hoibreacha. Tuilleadh eolais faoi na deontais seo ar fáil ó Rannóg Deontais Tithíochta, Comhairle Chontae Chorcaí, Urlár 4, Halla an Chontae, Corcaigh. Teil: 021/4285226. **Foinse: Comhairle Chontae Chorcaí.**

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá again ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Suathaireacht, le coinne. Teil 087 6759121.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Cosliacht, **20ú** lá de mhí Aibreáin le coinne.
Ealaín do sheanóirí le Pauline Dodds Hyland gach Mháirt. Le breis eolais a fháil glaoigh ar 026 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré.
Cuir glaoch ar Shiobhán/Lucy 087 1378099.
Taisteal ar fáil, 026-45661
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
22ú Aibreán le coinne, 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Ealaín do sheanóirí le Pauline Dodds Hyland gach Luan. Le breis eolais a fháil glaoigh ar 026 47777.

Freagraí ón Mí seo caite.

Cleas Inchinne: Níl aon euro caillte. D'íoc an triúr acu €30 ar fad. D'íocadar €5 níos mó ná mar a bhí ag teastáil. As an €5 seo fuair an oibrí €2 agus fuair an triúr €1 an duine ar ais.
Dúcheist Tapaidh: Is féidir slabhra mór a dhéanamh le €15. Bris na trí lúibe i gceann des na slabhraí ar dtús. Cosnaíonn sé seo €3. Ansin chur na ceithre slabhraí eile le chéile leis na trí lúibe oscailte. Cosnaíonn sé €9 chun na trí lúibe a tháthú. Sin costas de €12 ar fad.

Dúcheist Tapaidh.

Chun sudoku a imirt caithfidh tú gach sraith, colún agus bosca 3×3 a líonadh leis na huimhreacha 1 go dtí a 9. Is féidir leo bheith in aon ord ach ní féidir an uimhir chéanna a úsáid faoi dhó in aon sraith.
(To play sudoku what you have to do is fill in the game board so that the numbers 1 to 9 occur exactly once in each row, column, and 3x3 box. The numbers can appear in any order.)

3	4							7
7		9	2			6		
	5		1	7	3		9	
8			5			2	6	
	7	3				9	8	
	2	6			9			5
	3		8	1	6		4	
		1			4	8		3
4							5	6

Scoraíocht an Déardaoin.

Ionad Áise, Réidh na nDoirí.
Cuairt ó cuairteoirí atá timpeall ón Bhriotáin.
15ú lá d'Aibreán 2.30 - 5in.
Taisteal ar fáil, cuir glaoch go luath le do thoil, 026 – 45661.

Seirbhís Eolais.

Tá seirbhís rúnda ar fáil san Ionad Áise, Réidh na nDoirí do sheanóirí nach bhfuil ar a gcumas teacht ar ríomhaire nó nach bhfuil in ann ríomhaire a úsáid. Má tá aon eolas uait gur mhaith leat taighde a dhéanamh air ar an Idirlíon mar shampla faoi dheontais, theidlíochtaí, srl táimid thar a bheith sásta cabhrú leat. Is féidir glaoch a chur ar an Ionad Áise ag 026/45661 chun coinne a dhéanamh.

Tréanna Éireannacha.

Na trí ainmhí is míne meoin: caora cois cnoic, cat cois luaithrigh agus madra cois máistir.
The three best natured animals are a sheep grazing on a hill, a cat near the fire and a dog with his master.

Cleas Inchinne.

Sí m'aois ná an difríocht idir aois mo Dhaidí agus aois mo Mhamaí. Sí aois mo dheirfiúr m'aois méadaithe faoi dhó. Sí aois mo Mhamaí aois mo dheirfiúr méadaithe faoi thrí. Rud amháin eile, i gceann cúig bliana beidh m'aois mar an gcéanna le haois mo dheirfiúr anois. Cad é m'aois?

Eachtra Stairiúil i mí Aibreáin.

D'eitil "Alcock agus Brown" thar an Atlantach i 1919 agus dhein Charles Lindbergh an chéad eitilt aonair. D'fhág an dá eitilt an t-iarthar agus bhíodar ag taisteal soir. Ach cé a eitleodh i malairt treo, i gcoinne gaotha aniar? Thug James Fitzmaurice faoi an dúshlán seo ar an 12ú lá d'Aibreán 1928 nuair a d'eitil sé ó Bhaile Átha Cliath sa "Bremen" in éineacht le beirt phíolótaí Gearmánacha. Bhí gach rud go breá go dtí go rabhadar i ngar do Newfoundland agus cheap Fitzmaurice go bhfaca sé sliabhraon ollmhór i bhfad uaidh. Ní sléibhte a bhí ann ach scamaill dhorcha stoirme. Ag iarraidh an drochaimsir a sheachaint chuadar ar strae. Bhí an t-ádh leo go rabhadar cóngarach don talamh mar tar éis bheith ag eitilt ar feadh 36 uair an chloig, bhí orthu tuirlingt de thuairt ar an leac oighir in abhainn St Lawrence i gCeanada. Níor gortaíodh éinne. Fuair James Fitzmaurice bás ar an Domhnach, an 26^{ú} lá de Mheán Fómhair 1965 in ospidéal Sráid Bhagóid i mBaile Átha Cliath. Bhí sochraid stáit dó agus cuireadh i reilig Ghlas Naíon é i mBaile Átha Cliath.

An Titanic.



Tógadh an Titanic sa longchlós "Harland and Wolff" i mBéal Feirste. Thosnaigh an déantús ar an 31ú Márta, 1909 agus críochnaíodh é roimh an 31ú Márta 1912. Bhí sí 882 troigh agus 9 orlach (269.1m) ar fhad, 92 troigh (28.m) ar leithead, mheáigh sí 46,328 tonna agus bhí sí 59 troigh (18m) ar airde ón líne uisce go deic na loinge. B'é uasluas na loinge ná 23 muirmhíle (43km/h; 26 mph) agus bhí slí inti do 3,547 paisinéir agus an criú.
Bhí an Titanic i bhfad chun tosaigh ar a iomaitheoirí ó thaobh só agus saibhris de. Bhí linn snámha sa roinn den chéad ghrád chomh maith le giomnáisiam, cúirt scuaise, folcadán Turcach, folcadán leictreach agus caifé. Bhí leabharlanna agus siopaí bearbóirí sna ranna den chéad agus den dara grád. Bhí painéaladh giúsach agus troscán déanta as téac ins na seomraí den tríú grád. B'é an costas ba mhó ar aistear mara aontreo ná US$4,350 (atá níos mó ná US$95,860 dollair i 2008).

Dhein an long an chéad aistear mara ó Southampton, i Sasana go dtí Cathair Nua-Eabhrac ar an 10ú lá d'Aibreán 1912, leis an gCaptaen Edward J. Smith i gceannas uirthi. Tar éis di an Mhuir nIocht a thrasnú, stad an Titanic ag Cherbourg, sa Fhrainc chun paisinéirí a bhailiú agus stad sí an lá dár gcionn i gCóbh (a bhí aitheanta ag an am mar Queenstown). Ní raibh saoráidí calafoirt ró-mhaith i gCóbh agus ní rabhadar in ann freastal ar long chomh mhór leis an Titanic, dá bharr seo bhí orthu an long a chur ar ancaire san fharraige amuigh, leis na báid frestail ag tógaint na paisinéirí amach chuici. Bhí 2,223 duine ar bord nuair a bhí an long ag tabhairt faoi Nua-Eabhrac. I measc na n-earraí a bhí á soláthar nuair a bhí an Titanic ag cur chun farraige bhí 40,000 ubh, 75,000 punt d'fheoil úr agus 1,000 buidéal fíona.

Bhí an teocht tar éis ísliú go reophointe agus bhí an tAigéan socair oíche Dé Domhnaigh ar an 14ú d'Aibreán 1912.
Bhí an spéir ghlan agus ní raibh an ghealach le feiscint mar i gceann dhá lá bheadh gealach úr ann. Bhí sé beartaithe ag Captaen Smith an cúrsa a athrú agus an long a thógaint beagán sa bhreis ó dheas de bharr foláirimh a fuair sé na laethanta roimhe sin faoi chnoc oighir. Ar an Domhnach san ag 13.45, tháinig foláireamh ó bhád gaile *Amerika* ag rabhadh go raibh cnoc oighir ar bhealach an Titanic. Bhí Jack Phillips agus Harold Bride, oibreoirí raidió Marconi fostaithe chun teachtairí a thabhairt agus a thógaint ó na paisinéirí. Bhí a lán teachtaireachtaí le tabhairt an lá san agus dá bharr ní rabhadar dírithe ar fholáireamh a thabhairt dos na hoibrithe ar an droichead. Níos déanaí sa thráthnóna tháinig foláireamh eile ón *Mesaba* faoi a lán cnoic oighir ach theip orthu an scéal a cur in iúl dos na hoibrithe ar an droichead. Tríd is tríd fuair an Titanic ceithre fholáireamh an lá sin faoi cnoic oighir agus níor cuireadh aon cheann ar aghaidh go dtí na hoibrithe ar an droichead.



Thug fairtheoirí Fredrick Fleet agus Reginald Lee faoi ndeara go raibh cnoc oighir ollmhór díreach os a gcomhair. Bhuaileadar an clog trí huaire agus chuireadar glaoch gutháin ar na hoibrithe ar an droichead ag insint dóibh go raibh cnoc oighir ollmhór díreach os a gcomhair. Bhuail deasbhord na loinge i gcoinne an chnoic oighir ag búcláil cabhail an bháid in an-chuid áiteanna agus thit na seamanna amach taobh thíos den líne uisce thar 299 troigh (90m) ar fhad. Fuair an Captaen Smith foláireamh trí geit ón imbhualadh agus tháinig sé amach ar an droichead agus d'ordaigh sé an long a stopadh. Go luath tar éis meán oíche ar an 15ú lá d'Aibreán i ndiaidh scrúdaithe a dhein oifigigh na loinge, tugadh ordú na báid tarrthála a ullmhú agus cuireadh amach glaoch cruacháis. Ní raibh slí ach do leath des na paisinéirí ins na báid tarrthála. Bhí fiche bád tarrthála ar bord le spás do 1,178 duine. Íslíodh roinnt des na báid agus iad leath lán.

Den 2,223 duine a bhí ar an long, níor tháinig ach 706 slán aisti agus cailleadh 1,517 duine. Is de bharr hipiteirme is mó a fuair na daoine bás san uisce a bhí -2^{o}C. Tháinig 60% des na paisinéirí sa roinn den chéad ghrád slán, 42% sa roinn den dara grád, 25% sa roinn den tríú grád agus 24% den chriú a tháinig slán aisti.
Tá an Titanic ag bun an Aigéin Atlantaigh, thart ar 2.5 míle síos ó bharr an uisce. Deineadh 7 dturas chuici agus táthar tar éis 5,500 rudaí stairiúla a aisghabháil uaithi. An rud is mó a fuarthas ná píosa den chabhail a mheá 17 tonna i 1998. Tá an formhór des na rudaí seo mar chuid de thaispeántais mhúsaeim taistil. Dhein an tÚdarás Náisiúnta Aigéanach Atmaisféarach meastachán go dtitfidh cabhail agus struchtúr na loinge go bun an aigéin taobh istigh de 50 bliain.